

# An Fiosraitheoir

## TASC 1: AG FIOSRÚ FOCAL

1. Cé acu thíos atá ar comhchiall le **cionn is**?  
(a) De bharr  
(b) Go trom  
(c) Le fáil
2. Tá an frása **faoi ghruaim** i bparagraf 1. An bhfuil dóigh eile leis seo a rá?
3. Cé acu thíos atá contrártha le **cruálach**?  
(a) Compordach  
(b) Míshásta  
(c) Cineálta
4. Ba mhaith le Liam labhairt le duine éigin faoin bhulaíocht. Luaigh 3 dhuine a dtiocfadh leis labhairt leo faoi sin.

## TASC 2: AG FIOSRÚ FEASA

1. Cad é ábhar an téacs seo go príomha?
2. Cad é a thaitin leat faoin téacs seo?
3. Luaigh rud amháin suimiúil a d'fhoghlaim tú ón téacs seo.
4. Cén fáth a mbíonn páistí ag bulaíocht ar pháistí eile, do bharúil?
5. Cluineann tú go bhfuil duine éigin ag bulaíocht ar chara de do chuid – cad é a dhéanfaidh tú?



# Bulaíocht

Dé Máirt 21 Bealtaine

Lá gruama eile ar scoil. Ní stopann an bheirt acu de bheith ag cur isteach orm, an chéad rud ar maidin, ag am sosa, ag am lóin agus ag am dul abhaile fiú. Ní thig liom glacadh leis an bhulaíocht **chruálach** seo níos mó. Bíim **faoi ghruaim** mhór agus neirbhíseach agus mé ag teacht ar scoil. Caithfidh mé seo a scríobh síos **cionn is** go gcuidíonn sé liom. Ní thig liom rud ar bith a rá le Mamaí go fóill, áfach.

Istigh sa tseomra ranga ní thig liom mo chuid oibre a dhéanamh as siocair go bhfuil a fhios agam go mbíonn siad ag stánadh orm, ag caint orm agus ag magadh fúm. Tá a fhios agam go mbíonn siad ag smaoineamh ar an chéad rud eile a thiocfadh leo a dhéanamh orm. Tá m'obair scoile ag éirí níos measa. Níl na múinteoirí ná mo thuismitheoirí sásta liom. Ach ní thuigeann siad! Cad é mar a thig liom insint dóibh? Níl sé seo cothrom. Tá mé trína chéile.

Síleann an bheirt acu go bhfuil siad iontach glic agus greannmhar os comhair gach duine eile. Inniu, rug siad orm agus mé liom féin sa chlós. Ghlac siad mo lón agus chaith siad m'obair bhaile síos an leithreas. Bhí mo mhúinteoir mata crosta liom de bharr gur shíl sí nach raibh m'obair bhaile déanta agam ach ní thig liom rud ar bith a rá!

Tá a fhios agam gur chóir dom labhairt le duine fásta ach tá eagla orm. Sílim nach gcreidfidh duine ar bith mé agus go mbeidh mé i dtrioblóid leo má insím scéal orthu. Tá eagla an domhain orm. Cad é a dhéanfaidh mé? Níl mé ag iarraidh dul ar ais ar scoil amárach ach ní thig liom fanacht sa bhaile ach oiread. Caithfidh mé rud éigin a dhéanamh, ach an **éistfidh** duine ar bith liom? An gcreidfidh siad mé? Is cuma liom, tá mé ag dul a labhairt le duine éigin anocht – le mo chara nó le mo mhamaí b'fhéidir. Mothaím níos fearr anois.

# Ceisteanna

- 1. Cá huair a tharlaíonn an bhulaíocht ar Liam?**
  - (a) Ar an bhealach ar scoil ar maidin
  - (b) An lá ar fad
  - (c) Ar an bhealach abhaile tráthnóna
- 2. Cé acu abairt atá fíor?**
  - (a) Bíonn Liam ag dúil go mór le dul ar scoil ar maidin
  - (b) Baineann Liam sult as na ranganna
  - (c) Is fuath le Liam a bheith ar scoil
- 3. Cad é atá ag tarlú d'obair Liam ar scoil?**
  - (a) Ní maith leis an obair níos mó
  - (b) Tá obair Liam ag éirí níos measa
  - (c) Tá obair bhaile Liam ag éirí níos fearr
- 4. Cén fáth nach n-insíonn Liam do dhuine ar bith faoi na bulaithe?**
  - (a) Tá eagla air rompu
  - (b) Ní bheidh cead aige dul ar ais ar scoil
  - (c) Is páistí maithe iad
- 5. Bhí an múinteoir mata crosta le Liam cionn is:**
  - (a) go raibh a obair bhaile go holc.
  - (b) gur fhág sé an obair bhaile sa teach.
  - (c) gur shíl sí nach raibh a obair bhaile déanta aige.
- 6. Cad é an plean atá ag Liam sa deireadh?**
  - (a) Gan labhairt le duine ar bith
  - (b) Labhairt leis an mhúinteoir
  - (c) Labhairt le cara nó lena mhamaí
- 7. I bparagraf 4 tá an briathar éistfidh:**
  - (a) san aimsir fháistineach.
  - (b) san aimsir chaite.
  - (c) san aimsir láithreach.
- 8. Cén sórt téacs é seo?**
  - (a) Nuacht
  - (b) Dráma
  - (c) Dialann